

# Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) 2006



National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Department of Health & Children
AN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ

HBSC

Office of the Minister for Children
Oifig an Aire do Leanaí

National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Department of Health & Children
AN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ

HBSC

Office of the Minister for Children
Oifig an Aire do Leanaí

# Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) 2006

**Lúnasa 2007**

Saoirse Nic Gabhainn, Colette Kelly agus Michal Molcho.

**An tIonad Taighde um Chothú Sláinte**
**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**
**www.oegaillimh.ie/hbsc**

© Cóipcheart 2007
An tIonad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
An Roinn Sláinte agus Leanaí, Oifig an Aire do Leanaí, Baile Átha Cliath

Arna fhoilsiú ag An Roinn Sláinte agus Leanaí.

# Clár na nÁbhar

Réamhfhocal ........ 5

Réamhrá ........ 7

Achoimre Feidhmiúcháin ........ 8

Modheolaíocht ........ 11

Torthaí ........ 13

- Sláinte Ghinearálta ........ 15
- Caitheamh Tobac ........ 21
- Alcól ........ 23
- Úsáid Drugaí ........ 27
- Bia agus Iompraíocht Ithe ........ 29
- Aclaíocht agus Gníomhaíocht Fhisiceach ........ 41
- Féinchúram ........ 47
- Gortú ........ 51
- Bulaíocht ........ 53

Aguisín 1 ........ 57

Foireann an Tionscadail ........ 60



# Réamhfhocal




Cúis áthais dom torthaí náisiúnta staidéar 2006 ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) a chur in bhúr láthair i bhfoirm foilsithe. Is iad ár léanaí an acmhainn is tábhachtaí atá againn agus tá an taighde seo riachtanach maidir le treochtaí stíleanna maireachtála a aithint; treochtaí a chuirfidh eolas ar fáil do na beartais um chothú sláinte a bheidh againn dár leanaí amach anseo. Níor foilsíodh HBSC leis féin riamh roimhe seo; go dtí seo cuid den Suirbhé Náisiúnta Sláinte agus Stíleanna Maireachtála (SLÁN) a bhí ann.

Comhstaidéar Eorpach de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) é an HBSC agus tá os cionn 40 tír agus réigiún páirteach ann. Is é an aidhm atá leis an staidéar léargas nua a fháil agus cur leis an tuiscint atá againn ar iompraíocht sláinte, leas agus stíleanna maireachtála daoine óga i dtíortha éagsúla. Is é seo an tríú babhta ag mo Roinnse cuid na hÉireann den staidéar fíorthábhachtach seo a mhaoiniú. Cinnteoidh rannpháirtíocht leanúnach na hÉireann go mbeimid in ann na sonraí a chur i gcomparáid le suirbhéanna atá déanta in Éirinn roimhe seo, mar aon le suirbhéanna atá déanta ag ár gcomhghleacaithe san Eoraip. Baineann tábhacht leis seo i gcomhthéacs treochtaí iompraíocht sláinte a aithint agus a mhonatórú i measc phobal na tíre seo agus an pobal idirnáisiúnta freisin. Sna suirbhéanna HBSC a rinneadh roimhe seo, bailíodh sonraí in Éirinn ó leanaí idir 10-18 mbliana d'aois agus don chéad uair i mbliana, ar iarratas ó Oifig an Aire do Leanaí, bailíodh sonraí ó leanaí meán-óige i.e. leanaí 9 mbliana d'aois i Rang a 3 agus Rang a 4.

Ábhar misnigh dom iad cuid de na príomhthorthaí a luadh sa tuarascáil. Tá leanaí na hÉireann tar éis a chur in iúl go bhfuil go leor acu sásta lena sláinte agus go bhfuil siad sásta, agus tá na rátaí seo méadaithe ó 2002 i leith. Níl an oiread céanna leanaí ag caitheamh tobac anois, agus tá i bhfad níos mó leanaí ag cur in iúl go gcaitheann siad crios sábhála sa charr i gcónaí. Tá níos mó glasraí á n-ithe freisin, agus níl an oiread céanna milseán á ithe ná an oiread céanna deochanna boga á ól. Cúis imní amháin, áfach, is ea gur léir gur ól leath de na leanaí idir 15-17 mbliana d'aois alcól an mhí sular líon siad an ceistneoir.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don Ionad Taighde um Chothú Sláinte in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh as an staidéar seo a thiomsú. Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil leis na mic léinn a chomhlánaigh na ceistneoirí agus comhaltaí foirne as na scoileanna a bhí páirteach sa taighde as ucht a dtacaíochta.



Pat the Cope Gallagher, T.D.
An tAire um Chothú Sláinte & Sábháilteacht Bia



# Réamhrá

Sa tuarascáil seo, tá sonraí ón suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile – HBSC na hÉireann 2006. Is é suirbhé HBSC 2006 an tríú suirbhé a cuireadh ar dhaoine óga i bPoblacht na hÉireann; rinneadh suirbhé cheana in 2002 agus ceann eile i 1998 (www.oegaillimh.ie/hbsc).

Taighde trasnáisiúnta atá sa HBSC a rinneadh i gcomhar le hOifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) don Eoraip. Tréimhse acadúil 4 bliana a bhaineann le suirbhé idirnáisiúnta HBSC agus in 2005/6 bhí 41 tír agus réigiún páirteach ann (www.hbsc.org). Is é an aidhm atá leis an staidéar léargas nua a fháil ar shláinte, ar leas, ar iompraíocht sláinte agus ar chomhthéacs sóisialta na ndaoine óga agus ár dtuiscint ar na nithe sin a mhéadú. Chomh maith le monatóireacht a dhéanamh agus eolas a bhailiú, ba é an cuspóir ba mhó ag HBSC polasaí agus cleachtas a chur ar fáil ar bhealach eolasach.

Bailíonn HBSC an fhaisnéis ar na príomhtháscairí sláinte, meon i leith sláinte agus iompraíocht sláinte chomh maith leis an gcomhthéacs sláinte do dhaoine óga, ar bhonn trasnáisiúnta. Suirbhé scoile atá san HBSC ina mbailítear sonraí trí cheistneoirí féinlíonta riartha ag múinteoirí sna seomraí ranga. Ceistneoir caighdeánach an suirbhé HBSC atá forbartha ag líonra idirnáisiúnta taighde. Pioctar na réimsí spéise i gcomhar leis an WHO agus is ann dóibh chun cabhrú le sláinte óige a fhorbairt ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Is iad na ceisteanna a piocadh le cur sa chéad tuarascáil seo ar shuirbhé na hÉireann 2006 na ceisteanna a aithníodh sa Straitéis Náisiúnta um Chothú Sláinte[1] agus sa Straitéis Sláinte: Ardchaighdeán agus Cothroime[2], agus léiríonn siad an dá thuarascáil Náisiúnta HBSC roimhe seo[3,4]. Ina measc seo tá sláinte ghinearálta, caitheamh tobac, alcól agus substaintí eile a thógáil, bia agus iompraíocht ithe, aclaíocht agus gníomhaíocht fhisiceach, féinchúram, gortú agus bulaíocht. Cuirtear éagsúlacht ó thaobh inscne, aoisghrúpa agus aicme sóisialta i láthair sa tuarascáil seo. Cuireann an HBSC sonraí taighde ar fáil freisin maidir le sláinte agus iompraíochtaí stíl bheatha as réimse paraiméadar sochdhéimeagrafach agus eacnamaíoch.

I suirbhéanna HBSC roimhe seo, bailíodh sonraí ó leanaí i bPoblacht na hÉireann idir 10 agus 18 mbliana d'aois. I mbliana, den chéad uair, bailíodh sonraí ó leanaí meán-óige i.e. leanaí 9 mbliana d'aois i Rang a 3 agus Rang a 4. I measc na sonraí atá le fáil sa tuarascáil seo ar shláinte agus ar shlí bheatha na meán-óige tá sláinte ghinearálta, bia agus iompraíocht ithe, gníomhaíocht fhisiceach, féinchúram agus bulaíocht. Mar gheall nach féidir an staidéar ar mheán-óige a chur i gcomparáid le haon suirbhé roimhe seo, tá na sonraí a bhaineann leis na leanaí seo curtha ar fáil astu féin sa tuarascáil.

Tá an staidéar HBSC maoinithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí agus ag Oifig an Aire do Leanaí. Rinneadh an suirbhé agus an anailís san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

[1] Department of Health and Children (2000). *The National Health Promotion Strategy 2000-2005*. http://www.healthpromotion.ie/health_promotion_strategy/.

[2] Department of Health and Children (2001). *Quality and Fairness: a health system for you*. http://www.dohc.ie/publications/quality_and_fairness.html.

[3] Kelleher, C., Nic Gabhainn, S., Friel, S., Corrigan, H., Nolan, G., Sixsmith, J., Walsh, O. & Cooke, M. (2003). *National Health and Lifestyle Surveys: Survey of Lifestyle, Attitudes and Nutrition (SLÁN) and the Irish Health Behaviour in School-Aged children survey (HBSC)*. Department of Health and Children: Dublin.

[4] Friel, S., Nic Gabhainn, S. & Kelleher, C. (1999). *The National Lifestyle Surveys: Survey of Lifestyle, Attitudes and Nutrition (SLÁN) and the Irish Health Behaviour in School-Aged children survey (HBSC)*. Department of Health and Children: Dublin.

# Achoimre Feidhmiúcháin

Tá achoimre le fáil thíos ar phríomhthorthaí HBSC na hÉireann 2006.:

## Sláinte ghinearálta

Ó 2002 i leith, tá feabhas beag tagtha ar na rátaí maithe sláinte atá féintuairiscithe ag buachaillí (89% in 2006 i gcomparáid le 87% in 2002) agus ag cailíní (86% in 2006 i gcomparáid le 84% in 2002). Chomh sásta a thuairiscítear leanaí a bheith, deir 92% de bhuachaillí agus 89% de chailíní go bhfuil siad an-sásta nó sách sásta lena saol faoi láthair; sin méadú arís ó 2002 ó thaobh aoisghrúpaí agus inscne. Is lú cailíní ná buachaillí a dúirt go raibh siad i mbarr a sláinte agus an-sásta in 2006. Tá patrún le feiceáil ina bhfuil baint ag aois leo siúd a thuiairscíonn ar a sláinte agus a sástacht, agus tá baint ag aicme shóisialta leo siúd a deir go bhfuil a sláinte go maith nó iontach. Ní léir go bhfuil aon ghrádán aicme ar leanaí ó bhlianta lair na hóige i bhféintuairisciú sláinte (tuairiscíonn 95% sláinte mhaith nó iontach) nó sástacht (tuairiscíonn 95% go bhfuil siad an-sásta nó sách sásta).

## Caitheamh Tobac

Tá laghdú eile tagtha ar an líon a chaitheann tobac ó chéad suirbhé HBSC na hÉireann i 1998. San iomlán, thuairiscigh 15% go mbíonn siad ag caitheamh tobac faoi láthair, sin laghdú ó 21% i 1998 agus 19% in 2002. Tháinig an laghdú is mó ar líon na mbuachaillí a bhíonn ag caitheamh tobac san aoisghrúpa 15-17 mbliana d'aois. Mar a tuairiscíodh sna blianta roimhe seo, dúirt líon níos mó cailíní 15-17 mbliana d'aois go raibh siad ag caitheamh (28%) i gcomparáid le buachaillí ón aoisghrúpa céanna (23%). Cosúil leis an laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag caitheamh tobac faoi láthair tá laghdú ar líon na ndaoine a chaith tobac riamh idir 2002 agus 2006. Tá laghdú mór le sonrú i líon na leanaí óga, go háirithe, nár chaith riamh agus i líon na mbuachaillí 15-17 mbliana d'aois idir 2002 agus 2006. Dúirt níos lú ná 1% de na leanaí meán-óige go raibh siad ag caitheamh tobac faoi láthair.

## Alcól

San iomlán, dúirt 47% de na leanaí sa suirbhé nach raibh alcól acu riamh, sin méadú ó 40% in 2002 agus 31% i 1998. Tá an scéal amhlaidh i ngach catagóir aoise idir 2002 agus 2006. Dúirt níos mó cailíní (52%) ná buachaillí (43%) nach raibh alcól acu riamh. Níl na hathruithe suntasacha idir 2002 agus 2006 le sonrú sa tuarascáil seo maidir le hathruithe eile a bhaineann le halcól. Mar shampla, d'fhan líon na leanaí a dúirt go raibh alcól acu am éigin le mí roimhe sin (sonraithe mar 'ag ól faoi láthair') mar a chéile idir 2002 agus 2006, seachas buachaillí 15-17 mbliana, áit a raibh laghdú beag. D'fhan líon na leanaí a dúirt go raibh siad 'an-óltach' mar a chéile idir 2002 agus 2006. Mar sin féin, cé nach bhfuil na figiúirí méadaithe, dúirt thart ar leath de na leanaí idir 15-17 mbliana d'aois go mbíonn siad ag ól faoi láthair agus dúirt breis is aon trian go raibh siad 'an-óltach' am éigin le 30 lá roimhe sin. Ní cosúil go bhfuil aon éifeacht ag aicme shóisialta ar na hathruithe a bhaineann le halcól sa suirbhé seo. Mar a chéile, níl aon difear idir buachaillí agus cailíní seachas sna buachaillí agus cailíní nach raibh alcól acu riamh.

## Úsáid Drugaí

Tá líon na leanaí a dúirt gur úsáid siad cannabas fanta mar a chéile i bhformhór na n-aoisghrúpaí, cé go raibh laghdú beag idir 2002 agus 2006 i líon na mbuachaillí 15-17 mbliana a dúirt gur úsáid siad cannabas am éigin sa 12 mhí roimhe sin. San iomlán, dúirt 12% in 2006 gur úsáid siad cannabas sa 12 mhí roimhe sin i gcomparáid le 11% in 2002 agus ní cosúil go bhfuil aon éifeacht ag aicme shóisialta air seo. Mar sin féin, is léir go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta ar líon na mbuachaillí 15-17 mbliana a dúirt gur úsáid siad cannabas le gairid (le 30 lá roimhe sin), agus níos mó buachaillí (8%) ná cailíní (5%), de bheagán, ag rá gur úsáid siad cannabas sa tréimhse seo.

## Bia agus Iompraíocht Ithe

San iomlán, dúirt 19% de na leanaí go n-itheann siad torthaí níos minice ná uair sa lá. Sna haoisghrúpaí ar fad, dúirt níos mó cailíní (23%) ná buachaillí (16%) go n-itheann siad torthaí, agus tháinig méadú beag ar líon na gcailíní amháin a itheann torthaí, idir 2002 agus 2006. Dúirt níos mó cailíní óga (10-11 bhliain d'aois) go n-itheann siad torthaí níos minice ná uair sa lá i gcomparáid le cailíní níos sine; níl sé seo le sonrú i measc na mbuachaillí. Tá cuid den scéal céanna le sonrú i measc na leanaí a itheann glasraí, le méadú ó 2002, go háirithe i measc na gcailíní. Chomh maith leis sin, tá líon na gcailíní (20%) a dúirt go n-itheann siad glasraí níos minice ná uair sa lá níos mó ná líon na mbuachaillí (16%), agus tá sé seo amhlaidh i ngach catagóir aoise. Tá roinnt fianaise ann go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta ar chailíní go háirithe mar go ndúirt níos mó acu siúd ó aicmí sóisialta níos airde go n-itheann siad glasraí go minic.

Tá céatadán na leanaí a dúirt go n-itheann siad milseáin (39%) agus go n-ólann siad deochanna boga (26%) go laethúil nó níos minice laghdaithe ó 2002, i ngach catagóir aoise. Is cosúil go bhfuil éifeacht ag aicme agus inscne orthu siúd amháin a ólann deochanna boga. Sa mheán-óige, dúirt 28% agus 18% go n-itheann siad milseáin agus go n-ólann siad deochanna boga go laethúil nó níos minice, faoi seach, agus grádán aicme sóisialta acu siúd amháin a ólann deochanna boga. Is lú seans go mbeidh leanaí ó aicmí sóisialta níos airde ag ól deochanna boga go minic.

San iomlán, thuairiscigh 14% de leanaí nach mbíonn bricfeasta acu riamh i rith na seachtaine – níor athraigh sé seo ó 2002 (15%). Cosúil le 2002, méadaíonn na rátaí de réir aoise agus dúirt níos mó cailíní ná buachaillí nach mbíonn bricfeasta acu i rith na seachtaine. Sa mheán-óige, níor thuairiscigh ach 2% nach mbíonn bricfeasta acu lá ar bith den tseachtain. D'fhan líon na leanaí a dúirt nach raibh a ndóthain bia acu ag dul a chodladh nó ar scoil mar nach raibh aon bhia sa teach am éigin mar a chéile; 16% in 2002 i gcomparáid le 17% in 2006. Níl aon fhianaise ann go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta air seo.

San iomlán, dúirt 12% (8% de bhuachaillí agus 15% de chailíní) go raibh siad ar aiste bia le meáchan a chailleadh agus dúirt 20% eile (15% de bhuachaillí agus 26% de chailíní) go raibh meáchan le cailleadh acu. Ba iad na figiúirí in 2002 ná 13% agus 22% faoi seach. Tá méadú i ngach aoisghrúpa tagtha ar líon na gcailíní atá ar aiste bia ach tá figiúirí na mbuachaillí fanta mar a chéile. Níl aon difear idir inscne san aoisghrúpa is óige ach tá sna haoisghrúpaí níos sine; e.g. san aoisghrúpa 15-17 mbliana d'aois, dúirt 20% de chailíní go raibh siad ar aiste bia (9% de bhuachaillí), agus dúirt 32% de na cailíní eile go raibh meáchan le cailleadh acu (14% de bhuachaillí). Níl aon phatrún leanúnach le sonrú sna haicmí sóisialta.

## Aclaíocht agus gníomhaíocht fhisiceach

Is beag athrú atá tagtha ar an minicíocht a bheith páirteach i ngníomhaíocht fhisiceach. Bíonn 53% de leanaí i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice (48% in 2002). Tá difear ó thaobh inscne mar go mbíonn 63% de bhuachaillí agus 43% de chailíní i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice. Laghdaíonn an líon i mbun aclaíochta de réir aoise agus tá sé le sonrú i measc cailíní go háirithe (ag titim ó 58% i measc leanaí 10-11 bhliain d'aois go 28% i measc leanaí 15-17 mbliana d'aois). Tá rátaí na leanaí nach ndéanann aon aclaíocht sách íseal go hiondúil seachas i gcás cailíní 15-17 mbliana d'aois. Níor athraigh na patrúin aoise ná inscne ó 2002. Dúirt céatadán ard leanaí meán-óige go mbíonn siad páirteach in aclaíocht fhuinniúil ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice (74% de bhuachaillí agus 69% de chailíní), agus go bhfuil líon na leanaí nach ndéanann aon aclaíocht íseal (6%).

# Achoimre Feidhmiúcháin

Maidir le gníomhaíocht mheánach agus fhuinniúil fhisiceach, tá an céatadán buachaillí agus leanaí níos óige a deir go bhfuil siad gníomhach go fisiceach ag an leibhéal a mholtar, níos airde ná céatadán na gcailíní agus na leanaí níos sine. Léiríonn na figiúirí gur ardaigh an leibhéal gníomhaíochta idir 2002 agus 2006 maidir le buachaillí agus cailíní i ngach catagóir aoise. Arís, thuairiscigh céatadán ard leanaí (79%) meán-óige, go raibh siad gníomhach formhór laethanta na seachtaine, agus ní cosúil go bhfuil aon éifeacht ag inscne ná ag aicme shóisialta air seo.

## Féinchúram

Níor athraigh ráta na leanaí a dúirt go scuabann siad a gcuid fiacla ó 2002. In 2006, dúirt 63% de leanaí (64% sa mheán-óige) go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair sa lá, agus dúirt 72% de chailíní agus 54% de bhuachaillí go scuabann siad a gcuid fiacla chomh minic seo. Is mar a chéile an scéal sna haoisghrúpaí éagsúla ach is cosúil go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta air seo mar go ndúirt níos mó leanaí ó aicmí sóisialta níos airde go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair sa lá.

Tá méadú tagtha ar an méid a dúirt go gcaitheann siad crios sábhála in 2006 (76% de bhuachaillí agus 83% de chailíní) i gcomparáid le 2002 (57% de bhuachaillí agus 65% de chailíní). Níl difear idir inscne sa mheán-óige mar gur thuairiscigh 88% acu go gcaitheann siad crios sábhála i gcónaí sa charr.

## Gortú

San iomlán, dúirt 43% de leanaí (51% de bhuachaillí agus 34% de chailíní) go raibh siad gortaithe agus gur theastaigh cóir leighis uathu uair amháin nó níos mó le 12 mhí anuas, sin laghdú ó 2002. Dúirt 15% de leanaí gur chaill siad trí lá gníomhaíochta nó níos mó mar gheall iad a bheith gortaithe (19% de bhuachaillí agus 11% de chailíní). Is in ionad spóirt is túisce a tharla an gortú agus ansin sa bhaile nó i gclós agus sa scoil. I mbun gníomhaíochta spóirt is túisce a gortaíodh leanaí. Níl sonraí 2002 ar fáil chun comparáid a dhéanamh leo.

## Bulaíocht

Go hiondúil, níor athraigh líon na leanaí a dúirt go ndearnadh bulaíocht orthu riamh agus is mó bulaíocht a dhéantar i measc leanaí 10-11 bhliain d'aois ná leanaí níos sine. Thuairiscigh 37% de na leanaí sa mheán-óige go ndearnadh bulaíocht orthu am éigin. Níl aon fhianaise leanúnach ann go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta air seo. Ó thaobh bulaíocht a dhéanamh ar leanaí eile, tá céatadán na mbuachaillí (29%) a dúirt go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile i bhfad níos airde ná céatadán na gcailíní (14%). Dúirt i bhfad níos mó buachaillí ón aoisghrúpa níos sine (12-17 mbliana) go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile i gcomparáid leis an aoisghrúpa 10-11 bhliain. Níl an patrún seo le fáil i measc na gcailíní. Níl aon fhianaise leanúnach ann go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta air seo.

# Modheolaíocht

## Suirbhé HBSC 2006

Comhstaidéar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (san Eoraip) atá sa HBSC. Comhoibríonn príomhthaighdeoirí as gach tír/réigiún i ndáil le hábhar an tsuirbhé, an mhodheolaíocht agus an tréimhse, agus déantar prótacal idirnáisiúnta a chur le chéile. Caithfear cloí go docht leis an bprótacal chun na sonraí a chur sa bhunachar sonraí idirnáisiúnta agus rinneadh é sin leis an staidéar seo.

I bPoblacht na hÉireann, tógadh sampla chun go mbeadh leanaí againn ó 8 réigiún thíreolaíocha. Ba é an aidhm a bhí leis seo sampla de leanaí scoile a léireodh an tír ar fad, agus ba iad na nósanna imeachta céanna a úsáideadh agus a bhí in úsáid i suirbhé 1998 agus 2002 den HBSC. Úsáideadh sonraí dhaonáireamh 2002 chun léargas a fháil ar dháileadh an daonra sna réigiúin thíreolaíocha. Bhí bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna le fáil sa sampla – chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta liosta ar fáil. Bhí dhá chéim sa phróiseas chun rannpháirtithe a fháil don staidéar. Roghnaíodh scoileanna taobh istigh de réigiúin go randamach ar dtús agus ansin roghnaíodh ranganna taobh istigh de na scoileanna go randamach. I mbunscoileanna, cuireadh Rang a 5 agus a 6 san áireamh, agus in iar-bhunscoileanna cuireadh gach rang, seachas grúpaí na hArdteistiméireachta, (i.e. ranganna i mbliain deiridh na scrúduithe) sa sampla.

Rinneadh teagmháil le príomhoidí scoile tríd an bpost ar dtús agus nuair a tháinig freagra dearfach uathu, tairgeadh ceistneoirí HBSC i nGaeilge nó i mBéarla dóibh, mar aon le clúdaigh litreach ghlana chun rúndacht a éascú, foirm um thoiliú tuismitheora, bileoga eolais do mhúinteoirí agus foirmeacha aiseolais ranga. Bhí sé éasca gach rud a sheoladh ar ais leis na clúdaigh litreach SAORPHOIST. Chun go bhfaighfí ráta ard freagraí, seoladh meabhrúchán chuig scoileanna, agus ansin ghlaoigh foireann taighde an Ionaid Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh orthu. Úsáideadh prótacal Idirnáisiúnta HBSC chun sonraí a iontráil. Tá achoimre ar an modheolaíocht a úsáideadh le fáil i dTábla 1.

## Suirbhé Meán-Óige

I suirbhéanna HBSC roimhe seo, bailíodh sonraí ó leanaí i bPoblacht na hÉireann idir 10 agus 18 mbliana d'aois. I mbliana, den chéad uair, bailíodh sonraí ó leanaí i Rang a 3 agus a 4, trí leagan giorraithe de phríomhcheistneoir an HBSC. Ba é an nós imeachta céanna a úsáideadh don suirbhé meán-óige agus a úsáideadh don phríomhshuirbhé, mar a léiríodh thuas.

# Modheolaíocht

**Tábla 1: Achoimre ar an modheolaíocht do shuirbhéanna HBSC agus Meán-Óige**

| | |
|---|---|
| Daonra | Leanaí scoile idir 9 agus 18 mbliana |
| Sampla | Liostaí scoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta |
| Sampla | Cnuas-sampla de mhic léinn i rang áirithe |
| Srathú | De réir dháileadh na ndaltaí i réigiúin thíreolaíocha |
| Uirlis suirbhé | Ceistneoir féinlíonta |
| Seachadadh/ Meabhrúchán | Sa phost chuig príomhoidí agus múinteoirí, litir agus meabhrúchán ar an nguthán |
| Ar ais | Clúdaigh litreach Saorphoist le seoladh curtha ar fáil |
| Ráta freagartha | HBSC: 63% de na scoileanna a fuair cuireadh / 83% de dhaltaí<br>Meán-Óige: 73% de na scoileanna a fuair cuireadh / 83% de dhaltaí |
| Samplaí a fuarthas | HBSC: 215 scoil / 10,334 dalta<br>Meán-Óige: 122 scoil / 3,404 dalta |
| Caighdeán na Sonraí | Cuireadh na sonraí isteach de réir phrótacal idirnáisiúnta HBSC |
| Eiticí | Thug Coiste Eiticí Taighde Ollscoil na hÉireann, Gaillimh cead iomlán eiticiúil |

Tá sonraí déimeagrafacha don dá staidéar le fáil in Aguisín 1.

Léiríonn rannóg na dtorthaí meon agus iompraíocht na leanaí maidir le sláinte. Cuirtear sonraí ó shuirbhé HBSC agus meán-óige ar fáil in dhá chuid ar leith. Cuirtear sonraí ar fáil de réir inscne, aoisghrúpa agus aicme sóisialta (AS). Léiríonn AS1-2, AS3-4 agus AS5-6 aicme shóisialta idir aicme ard, aicme mheánach agus aicme íseal, faoi seach. Is gnáthchatagóirí iad seo agus rinneadh iad a mheas de réir slí bheatha na dtuismitheoirí. Léiríonn aicme shóisialta 1 daoine gairmiúla (i.e. aturnae, dochtúir), léiríonn aicme shóisialta 2 lucht bainistíochta (i.e. altra, múinteoir), léiríonn aicme shóisialta 3 daoine nach mbíonn ag obair de láimh (i.e. díoltóir, cléireach oifige), léiríonn aicme shóisialta 4 oibrithe lámhoilte (i.e. gruagaire, siúinéir), léiríonn aicme shóisialta 5 oibrithe leathoilte (i.e. fear/bean an phoist, tiománaí), léiríonn aicme shóisialta 6 oibrithe neamhoilte (i.e. glantóir, saothraí).

# Torthaí


FILA


# Sláinte Ghinearálta

Fiafraíodh roinnt ceisteanna ginearálta de leanaí faoina saol agus a sláinte.


## I mbarr a sláinte

Sa chéad cheist, iarradh orthu a sláinte a rátáil. San iomlán, thuairiscigh 33% go raibh siad i mbarr a sláinte agus dúirt 54% eile go raibh an tsláinte go maith acu, ach tá difear idir aois agus inscne mar sin féin. Léiríonn na figiúirí thíos na daoine a dúirt go raibh siad i mbarr a sláinte, de réir inscne, aoisghrúpa agus aicme sóisialta, in 2002 agus 2006.

**Fíor 1: Céatadáin de bhuachaillí a deir go bhfuil siad i mbarr a sláinte**




**Fíor 2: Céatadáin de chailíní a deir go bhfuil siad i mbarr a sláinte**





San iomlán, dúirt níos lú cailíní ná buachaillí go raibh siad i mbarr a sláinte agus dúirt níos mó leanaí óga idir bhuachaillí agus chailíní go raibh siad i mbarr a sláinte i gcomparáid le leanaí níos sine (40% de leanaí 10-11 bhliain; 36% de leanaí 12-14 bliana; 28% de leanaí 15-17 mbliana). De réir na sonraí tá tionchar ag aicme ar shláinte mar gur thuairiscigh níos mó leanaí ó aicmí sóisialta 1-2 go raibh siad i mbarr a sláinte in 2006. Den chuid is mó, tá méadú beag i líon na leanaí a dúirt go raibh siad i mbarr a sláinte in 2006 i gcomparáid le 2002.

## I mbarr a sláinte: Staidéar Meán-Óige

Thuairiscigh 47% de leanaí Rang a 3 agus a 4 go raibh siad i mbarr a sláinte agus dúirt 48% eile go raibh an tsláinte go maith acu, gan aon fhianaise leanúnach ann go bhfuil tionchar ag aicme shóisialta air seo.


**Fíor 3: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go bhfuil siad i mbarr a sláinte**




## An saol faoi láthair (sástacht)

Baineann gné eile den tsláinte ghinearálta leis an gcaoi a mbraitheann leanaí faoina saol faoi láthair. San iomlán, dúirt 50% go raibh siad an-sásta agus dúirt 41% eile go raibh siad sách sásta lena saol. Dúirt an 9% eile nach raibh siad an-sásta nó nach raibh siad sásta ar chor ar bith lena saol faoi láthair. Arís, tá difear idir inscne agus aoisghrúpaí le fáil anseo.

**Fíor 4: Céatadáin de bhuachaillí a deir go bhfuil siad an-sásta leis an saol atá acu faoi láthair**




**Fíor 5: Céatadáin de chailíní a deir go bhfuil siad an-sásta leis an saol atá acu faoi láthair**





Is túisce le buachaillí ná cailíní a rá go raibh siad an-sásta, dúirt céatadán níos airde leanaí óga, idir bhuachaillí agus chailíní go raibh siad an-sásta i gcomparáid le leanaí níos sine (67% de leanaí 10-11 bhliain; 54% de leanaí 12-14 bliana; 39% de leanaí 15-17 mbliana). Níl aon fhianaise ann go bhfuil tionchar ag aicme shóisialta air seo, ach tá méadú sa líon a deir go bhfuil siad sásta i ngach grúpa ó 2002 i leith.

## An saol faoi láthair (sástacht): Staidéar Meán-Óige

Ag cloí leis an bpatrún céanna, dúirt 72% de dhaltaí i Rang a 3 agus a 4 go raibh siad an-sásta agus dúirt 32% eile go raibh siad sách sásta lena saol, tá difear beag idir inscne ach níl aon difear idir aicmí sóisialta.


**Fíor 6: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go bhfuil siad an-sásta leis an saol atá acu faoi láthair**




## An-sásta leis an saol

Iarradh ar leanaí a rá cá raibh siad faoi láthair ar scála ó 0 go 10. San iomlán, dúirt 77% go raibh siad ag 7 nó níos airde, agus dúirt 1% go raibh an saol is measa acu a d'fhéadfadh a bheith acu ag 0. Dúirt céatadán beagán níos airde de bhuachaillí (79%) go raibh siad an-sásta leis an saol i gcomparáid le cailíní (74%).

**Fíor 7: Céatadáin de bhuachaillí a deir go mbaineann siad an-sásamh as an saol**




**Fíor 8: Céatadáin de chailíní a deir go mbaineann siad an-sásamh as an saol**






# Caitheamh Tobac

Fiafraíodh de leanaí faoi dhá ghné de chaitheamh tobac; ar chaith siad riamh agus a n-iompraíocht faoi láthair maidir le caitheamh tobac, is é sin tobac a chaitheamh uair sa mhí nó níos minice. Tá na sonraí curtha ar fáil thíos de réir aoisghrúpa, inscne, aicme sóisialta agus bliain an tsuirbhé.


## Tobac a chaitheamh riamh

San iomlán, thuairiscigh 36% gur chaith siad tobac am éigin, agus tá difear mór idir aoisghrúpaí. Léiríonn na sonraí gur laghdaigh líon na leanaí a chaith riamh idir 2002 agus 2006.

**Fíor 9: Céatadáin de bhuachaillí a deir gur chaith siad tobac**




**Fíor 10: Céatadáin de chailíní a deir gur chaith siad tobac**




Tá difear le sonrú idir inscne mar gur thuairiscigh níos mó cailíní 15-17 mbliana gur thosaigh siad ag caitheamh tobac i gcomparáid le buachaillí san aoisghrúpa céanna. Níl an difear céanna le sonrú i measc buachaillí agus cailíní níos óige.

# Caitheamh Tobac


## Tobac a chaitheamh riamh: Staidéar Meán-Óige

Dúirt 4% de bhuachaillí agus 3% de chailíní ó Rang a 3 agus a 4 gur chaith siad tobac am éigin.


## Ag caitheamh tobac faoi láthair

Iarradh ar leanaí tuairisciú ar a n-iompraíocht faoi láthair maidir le caitheamh tobac. San iomlán, dúirt 15% de leanaí go mbíonn siad ag caitheamh faoi láthair cé go bhfuil difear mór idir aoisghrúpaí. Tá céatadán na leanaí a deir go mbíonn siad ag caitheamh tobac níos ísle in 2006 i gcomparáid le 2002. Tá laghdú, go háirithe ar chéatadán na leanaí a chaitheann tobac idir 15-17 mbliana. Arís, deir líon níos mó cailíní idir 15-17 mbliana go mbíonn siad ag caitheamh i gcomparáid le buachaillí ag an aois chéanna. Níl an difear idir aicmí sóisialta chomh suntasach in 2006 is a bhí in 2002.

**Fíor 11: Céatadáin de bhuachaillí a deir go gcaitheann siad tobac faoi láthair**




**Fíor 12: Céatadáin de chailíní a deir go gcaitheann siad tobac faoi láthair**




## Ag caitheamh tobac faoi láthair: Staidéar Meán-Óige


Maidir le daltaí Rang a 3 agus a 4, dúirt níos lú ná 1% go mbíonn siad ag caitheamh tobac faoi láthair.

# Alcól


## An líon leanaí a d'ól riamh

San iomlán, dúirt 47% de leanaí nach raibh deoch mheisciúil acu riamh ach tá difear mór idir aoisghrúpaí agus inscne. Tá rátaí 2006 níos airde ná 2002 maidir le gach aoisghrúpa. Tá líon na gcailíní (52%) a dúirt nach raibh deoch mheisciúil acu riamh níos airde ná líon na mbuachaillí (43%) agus ní léir go bhfuil aon tionchar ag aicme shóisialta air seo.

**Fíor 13: Céatadáin de bhuachaillí a deir nach raibh deoch mheisciúil acu riamh**





**Fíor 14: Céatadáin de chailíní a deir nach raibh deoch mheisciúil acu riamh**




## Deoch mheisciúil le mí anuas

Deirtear go mbíonn daoine ag ól faoi láthair má bhí deoch mheisciúil aige/aici le mí roimhe sin. San iomlán, dúirt 26% de leanaí go raibh deoch mheisciúil acu le mí roimhe sin agus difear suntasach idir aoisghrúpaí. De réir na sonraí, bhí líon na leanaí a dúirt go raibh deoch mheisciúil acu le mí roimhe sin sách socair idir 2002 agus 2006, seachas buachaillí 15-17 mbliana, áit a raibh laghdú beag le feiceáil.

**Fíor 15: Céatadáin de bhuachaillí a deir go raibh deoch mheisciúil acu le mí anuas**





**Fíor 16: Céatadáin de chailíní a deir go raibh deoch mheisciúil acu le mí anuas**




## Óltach

Chomh maith le halcól a ól, iarradh ar leanaí ar ól siad an oiread alcóil riamh is go raibh siad 'an-óltach'. San iomlán, dúirt 32% de leanaí go raibh siad óltach, agus bhí difear mór idir aoisghrúpaí ach is beag difear a bhí idir inscne ná aicme shóisialta. D'fhan na figiúirí mar a chéile, den chuid is mó idir 2002 agus 2006.

**Fíor 17: Céatadáin de bhuachaillí a deir go raibh siad "an-ólta"**





**Fíor 18: Céatadáin de chailíní a deir go raibh siad "an-ólta"**




## Óltach le 30 lá roimhe sin

Fiafraíodh de leanaí an raibh siad óltach le 30 lá roimhe sin. San iomlán, dúirt 20% de leanaí go raibh siad óltach le 30 lá roimhe sin, ach tá difear mór idir aoisghrúpaí. Dúirt aon trian de bhuachaillí agus de chailíní 15-17 mbliana go raibh siad óltach.

**Fíor 19: Céatadáin de bhuachaillí a deir go raibh siad ólta am éigin le 30 lá anuas**




**Fíor 20: Céatadáin de chailíní a deir go raibh siad ólta am éigin le 30 lá anuas**





Seachas leanaí a dúirt nach raibh deoch mheisciúil acu riamh, níl aon athrú suntasach idir 2002 agus 2006 sna rátaí a bhaineann le halcól, agus níl difear chomh mór idir inscne agus aicme shóisialta.

# Úsáid Drugaí


## Úsáid cannabais le 12 mhí roimhe sin

Cosúil le halcól agus caitheamh tobac, tá difear suntasach san úsáid cannabais idir aoisghrúpaí. San iomlán, dúirt 16% de leanaí go raibh úsáid bainte acu as cannabas (12% in 2002), agus dúirt 12% gur bhain siad úsáid as cannabas le 12 mhí roimhe sin (11% in 2002), ach tá na rátaí is airde i measc leanaí 15-17 mbliana. Tá rátaí an leanaí a úsáideann cannabas cosúil le staidéar HBSC 2002, seachas i measc buachaillí 15-17 mbliana, a bhfuil laghdú le sonrú ina measc.

**Fíor 21: Céatadáin de bhuachaillí a deir gur úsáid siad cannabas am éigin le 12 mhí anuas**





**Fíor 22: Céatadáin de chailíní a deir gur úsáid siad cannabas am éigin le 12 mhí anuas**




## Úsáid cannabais le 30 lá roimhe sin

Fiafraíodh de leanaí ar úsáid siad cannabas le 30 lá roimhe sin. San iomlán, dúirt 7% gur úsáid siad cannabas le 30 lá roimhe sin agus bhí an ráta níos airde do bhuachaillí (8%) ná do chailíní (5%). Dúirt céatadán níos airde acu siúd 15-17 mbliana gur úsáid siad cannabas le déanaí ná leanaí níos óige.

**Fíor 23: Céatadáin de bhuachaillí a deir gur úsáid siad cannabas am éigin le 30 lá anuas**




**Fíor 24: Céatadáin de chailíní a deir gur úsáid siad cannabas am éigin le 30 lá anuas**




# Bia agus Iompraíocht Ithe


## Torthaí

Iarradh ar leanaí faoi cé chomh minic is a itheann siad cineálacha éagsúla bia. San iomlán, dúirt 19% de na leanaí go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá. Bhí na rátaí do chailíní (23%) níos mó ná na rátaí do bhuachaillí (16%) sna haoisghrúpaí ar fad. Níor tugadh athrú ar bith faoi deara sna rátaí do bhuachaillí idir 2002 agus 2006, ach tugadh faoi deara go raibh méadú beag sa mhéid torthaí a bhí á n-ithe ag cailíní. Dúirt níos mó cailíní óga (10-11 bhliain d'aois) go n-itheann siad torthaí níos minice ná uair sa lá i gcomparáid le cailíní níos sine; níl a leithéid le sonrú i measc buachaillí. Is soiléire an grádán aicme sóisialta i measc cailíní.

**Fíor 25: Céatadáin de bhuachaillí a deir go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá**





**Fíor 26: Céatadáin de chailíní a deir go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá**



## Torthaí: Staidéar Meán-Óige

I measc leanaí Rang a 3 agus Rang a 4, dúirt 30% de na leanaí go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá.


**Fíor 27: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair sa lá**




## Glasraí

San iomlán, dúirt 18% de na leanaí go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá, rud a léiríonn méadú beag ó 2002. Tá an méadú seo níos suntasaí i measc cailíní. Tá céatadán na gcailíní a dúirt go n-itheann siad glasraí níos minice ná uair sa lá (20%) níos mó ná céatadán na mbuachaillí (16%), agus tá sé seo amhlaidh i ngach catagóir aoise. Tá roinnt fianaise ann go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta ar chailíní go háirithe, mar go ndúirt níos mó leanaí ó aicmí sóisialta 1 agus 2 go n-itheann siad glasraí go minic.

**Fíor 28: Céatadáin de bhuachaillí a deir go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá**





**Fíor 29: Céatadáin de chailíní a deir go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá**



## Glasraí: Staidéar Meán-Óige

Tá an patrún céanna inscne le sonrú i measc daltaí ó Rang a 3 agus Rang a 4, le céatadán beagán níos airde cáilíní ná buachaillí ag ithe glasraí níos mó ná uair sa lá.


**Fíor 30: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair sa lá**




## Milseáin

Fiafraíodh de leanaí eolas a thabhairt faoi chomh minic is a itheann siad milseáin. Tríd is tríd, deir 39% go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos minice. Níl éifeachtaí inscne nó grádán aicme ar bith soiléir. Tá líon na leanaí a dúirt go n-itheann siad milseáin go laethúil nó níos minice laghdaithe ó 2002, go háirithe san aoisghrúpa 10-11 bhliain d'aois.

**Fíor 31: Céatadáin de bhuachaillí a deir go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos mó**





**Fíor 32: Céatadáin de chailíní a deir go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos mó**



## Ag ithe milseán: Staidéar Meán-Óige

Tríd is tríd, dúirt 28% de dhaltaí Rang a 3 agus Rang a 4 go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos mó minice.


**Fíor 33: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go n-itheann siad milseáin uair sa lá nó níos mó**




## Deochanna boga

Tríd is tríd, dúirt 26% de leanaí go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice, agus tá na rátaí níos airde i measc buachaillí agus na haoisghrúpaí níos sine. Is léir ó na sonraí thíos gur tháinig laghdú ar ól deochanna boga sna catagóirí aoise ar fad idir 2002 agus 2006. Tá roinnt fianaise ann go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta - tá níos lú seans ann go mbeidh leanaí ó na haicmí sóisialta is airde ag ól deochanna boga go minic.

**Fíor 34: Céatadáin de bhuachaillí a deir go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos mó**





**Fíor 35: Céatadáin de chailíní a deir go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos mó**



## Deochanna boga: Staidéar Meán-Óige

Dúirt 18% de leanaí ó Rang a 3 agus Rang a 4 go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos minice agus bhí grádán soiléir aicme ann mar atá léirithe thíos. Is lú seans go mbeidh leanaí ó aicmí sóisialta 1 agus 2 ag ól deochanna boga go minic.


**Fíor 36: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go n-ólann siad deochanna boga uair sa lá nó níos mó**




## Leanaí nach n-itheann bricfeasta

San iomlán, thuairiscigh 14% de leanaí nach mbíonn bricfeasta acu riamh i rith na seachtaine; agus tá difríochtaí soiléire aoise agus inscne ann. Cosúil le 2002, méadaíonn na rátaí de réir aoise agus dúirt céatadán níos mó cailíní ná buachaillí nach mbíonn bricfeasta acu ar laethanta scoile. Is lú seans go mbeidh leanaí ó aicmí sóisialta níos airde ag rá nach mbíonn bricfeasta acu i rith na seachtaine.

**Fíor 37: Céatadáin de bhuachaillí a deir nach n-itheann siad bricfeasta i rith laethanta na seachtaine**




**Fíor 38: Céatadáin de chailíní a deir nach n-itheann siad bricfeasta i rith laethanta na seachtaine**





## Leanaí nach n-itheann bricfeasta: Staidéar Meán-Óige

Tríd is tríd, ní dúirt ach 2% de dhaltaí Rang a 3 agus Rang a 4 nach mbíonn bricfeasta acu lá ar bith den tseachtain.


## Easpa bia

Fiafraíodh de leanaí eolas a chur ar fáil faoi chomh minic is a théann siad ar scoil nó chun leapa agus ocras orthu mar nach mbíonn go leor bia sa bhaile. Measadh go raibh leanaí a dúirt go dtéann siad ar scoil nó chun leapa agus ocras orthu i gcónaí, go minic nó uaireanta nach bhfuil dóthain bia acu. Tríd is tríd, dúirt 17% de leanaí nach raibh dóthain bia acu am éigin. Níl aon fhianaise shoiléir ann maidir le héifeachtaí inscne, aoise nó aicme sóisialta, seachas roinnt rátaí arda i measc na mbuachaillí is óige.

**Fíor 39: Céatadáin de bhuachaillí a deir nach raibh a ndóthain bia acu am éigin**





**Fíor 40: Céatadáin de chailíní a deir nach raibh a ndóthain bia acu am éigin**




## Aiste Bia

Fiafraíodh de leanaí an raibh siad ag leanúint aiste bia ar mhaithe le meáchan a chailleadh nó ar theastaigh uathu meáchan a chailleadh (ach nach raibh siad ar a leithéid d'aiste bia faoi láthair). San iomlán, dúirt 12% (8% de bhuachaillí agus 15% de chailíní) go raibh siad ar aiste bia le meáchan a chailleadh agus dúirt 20% eile (15% de bhuachaillí agus 26% de chailíní) go raibh meáchan le cailleadh acu. Tá méadú i ngach aoisghrúpa tagtha ar chéatadán na gcailíní atá ar aiste bia ach tá na figiúirí i measc na mbuachaillí fanta mar a chéile. Níl aon difear idir inscne in aoisghrúpa na leanaí 10-11 bhliain d'aois, ach tá difríochtaí idir buachaillí agus cailíní sna haoisghrúpaí níos sine; dúirt 13% de na cailíní san aoisghrúpa 12-14 bliana d'aois go raibh aiste bia speisialta acu i gcomparáid le 8% de bhuachaillí, agus dúirt 24% eile de chailíní san aoisghrúpa seo gur theastaigh uathu meáchan a chailleadh (17% de bhuachaillí). San aoisghrúpa 15-17 mbliana d'aois, dúirt 20% de chailíní go raibh siad ar aiste bia (9% de bhuachaillí idir 15-17 mbliana d'aois), agus dúirt 32% de na cailíní eile go raibh meáchan le cailleadh acu (14% de bhuachaillí). Níl aon phatrún leanúnach le sonrú sna haicmí sóisialta, ach amháin i measc cailíní níos sine.

**Figure 41: Céatadáin de bhuachaillí a deir go bhfuil siad ar aiste bia le meáchan a chailleadh**




**Fíor 42: Céatadáin de chailíní a deir go bhfuil siad ar aiste bia le meáchan a chailleadh**






# Aclaíocht agus Gníomhaíocht Fhisiceach

Fiafraíodh de leanaí faoin bpáirt a ghlacann siad in aclaíocht nuair a bhíonn am saor acu. Fiafraíodh díobh cé chomh minic is a dhéanann siad aclaíocht, a oiread de is go mbíonn siad as anáil nó go mbíonn siad ag cur allais. Tá sonraí le fáil anseo thíos faoi na ceatadán a thuairiscigh go ndéanann siad aclaíocht den chineál sin ceithre bhabhta nó níos mó in aghaidh na seachtaine agus iad siúd a dúirt nach mbíonn siad páirteach in aclaíocht fiú amháin uair sa tseachtain. Tríd is tríd, dúirt 53% de leanaí (48% in 2002) go nglacann siad páirt in aclaíocht ceithre bhabhta nó níos mó sa tseachtain, agus dúirt 11% nach nglacann siad páirt in aclaíocht ach uair amháin in aghaidh na seachtaine nó níos lú (12% in 2002). Ceileann sé seo roinnt difríochtaí suntasacha aoise agus inscne áfach. Tríd is tríd, tá 7% de bhuachaillí agus 14% de chailíní i mbun aclaíochta níos lú ná uair amháin in aghaidh na seachtaine, agus tá 63% de bhuachaillí agus 43% de chailíní i mbun aclaíochta ceithre bhabhta nó níos mó in aghaidh na seachtaine.


## Aclaíocht fhuinniúil ≥ 4 bhabhta sa tseachtain

Maidir leis an dá inscne idir 2002 agus 2006, níor tháinig mórán athraithe ar chéatadán na leanaí a dúirt go nglacann siad páirt in aclaíocht fhuinniúil ceithre bhabhta nó níos mó in aghaidh na seachtaine. Níl aicme shóisialta ar leith soiléir sa chás seo.

**Fíor 43: Céatadáin de bhuachaillí a deir go nglacann siad páirt in aclaíocht fhuinniúil ceithre huaire nó níos mó in aghaidh na seachtaine**




**Fíor 44: Céatadáin de chailíní a deir go nglacann siad páirt in aclaíocht fhuinniúil ceithre huaire nó níos mó in aghaidh na seachtaine**




Ní ghlactar an oiread céanna páirte san aclaíocht de réir mar a théann na leanaí in aois: laghdaíonn an céatadán leanaí a ghlacann páirt in aclaíocht ceithre bhabhta nó níos mó in aghaidh na seachtaine ó 64% san aoisghrúpa 10-11 bhliain d'aois, 59% san aoisghrúpa 12-14 bliana d'aois agus 42% san aoisghrúpa 15-17 mbliana d'aois. Tá an laghdú seo suntasach i measc an dá inscne, ach tá sé le sonrú go háirithe i measc cailíní (ag titim ó 58% i measc leanaí 10-11 bhliain d'aois, go 51% i measc leanaí 12-14 bliana d'aois agus go 28% i measc leanaí 15-17 mbliana d'aois).

## Aclaíocht fhuinniúil ≥ 4 huaire sa tseachtain: Staidéar Meán-Óige

Dúirt céatadán ard daltaí i Rang a 3 agus Rang a 4 go mbíonn siad páirteach in aclaíocht fhuinniúil ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice, 72% san iomlán, (74% de bhuachaillí agus 69% de chailíní).


**Fíor 45: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go nglacann siad páirt in aclaíocht fhuinniúil ceithre huaire nó níos mó in aghaidh na seachtaine**




## Aclaíocht fhuinniúil níos lú ná uair sa tseachtain

Tá na rátaí leanaí a dúirt go nglacann siad páirt in aclaíocht bhríomhar níos lú ná uair sa tseachtain sách íseal, ach amháin cailíní idir 15-17 mbliana d'aois. Níl patrún an aicme sóisialta comhsheasmhach, ach is cosúil go bhfuil gaol dearfach aige le haicme shóisialta sna haoisghrúpaí níos sine.

**Fíor 46: Céatadáin de bhuachaillí a deir nach nglacann siad páirt in aclaíocht fhuinniúil uair amháin in aghaidh na seachtaine fiú**





**Fíor 47: Céatadáin de chailíní a deir nach nglacann siad páirt in aclaíocht fhuinniúil uair amháin in aghaidh na seachtaine fiú**



## Aclaíocht fhuinniúil níos lú ná uair sa tseachtain: Staidéar Meán-Óige

Tá an leibhéal daltaí i Rang a 3 agus Rang a 4 nach ndéanann aon aclaíocht sách íseal agus níl fianaise ar bith ann go bhfuil éifeacht ag inscne nó aicme shóisialta air seo.


**Fíor 48: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir nach nglacann siad páirt in aclaíocht fhuinniúil uair amháin in aghaidh na seachtaine fiú**




## Gníomhaíocht fhisiceach ≥ 5 lá

Fiafraíodh de leanaí eolas a thabhairt faoi cé mhéad lá, le seachtain anuas, a chaith siad i mbun gníomhaíochta fisicí ar feadh 60 nóiméad ar a laghad sa lá. Tríd is tríd, dúirt 55% de leanaí go raibh siad i mbun gníomhaíochta fisicí cúig lá nó níos mó le seachtain anuas, ach tagann difríochtaí suntasacha aoise agus inscne chun cinn. Tá an céatadán buachaillí agus leanaí níos óige a deir go bhfuil siad gníomhach go fisiceach níos airde ná céatadán na gcailíní agus na leanaí níos sine. Is léir ó na figiúirí seo gur tháinig méadú beag sna leibhéil ghníomhaíochta idir 2002 agus 2006 i bhformhór na n-aoisghrúpaí.

**Fíor 49: Céatadáin de bhuachaillí a deir go mbíonn siad gníomhach go fisiciúil cúig lá nó níos mó in aghaidh na seachtaine**





**Fíor 50: Céatadáin de chailíní a deir go mbíonn siad gníomhach go fisiciúil cúig lá nó níos mó in aghaidh na seachtaine**



## Gníomhaíocht Fhisiceach: Staidéar Meán-Óige

Dúirt 79% de na leanaí i Rang a 3 agus Rang a 4 go raibh siad gníomhach ar feadh 60 nóiméad ar a laghad formhór laethanta na seachtaine, agus ní cosúil go bhfuil aon éifeacht ag inscne ná ag aicme shóisialta air seo.

**Fíor 51: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go raibh siad gníomhach go fisiciúil cúig lá nó níos mó le seachtain anuas**




# Féinchúram


## Ag scuabadh a gcuid fiacla

Fiafraíodh de leanaí cé chomh minic is a scuabann siad a gcuid fiacla. Tríd is tríd, dúirt 63% de na leanaí go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair amháin in aghaidh an lae, agus dúirt 30% eile go scuabann siad a gcuid fiacla uair sa lá, ach ceileann na figiúirí seo difríochtaí suntasacha inscne. Ní thagann mórán athraithe ar an gcéatadán leanaí sna haoisghrúpaí éagsúla a dúirt go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair amháin sa lá. Dúirt níos mó cailíní (72%) ná buachaillí (54%) go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair sa lá. Tá roinnt fianaise ann go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta ar ghrúpaí áirithe, mar dúirt níos mó acu siúd ó aicmí sóisialta níos airde go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair sa lá.

**Fíor 52: Céatadáin de bhuachaillí a deir go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair sa lá**





**Fíor 53: Céatadáin de chailíní a deir go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair sa lá**



## Ag scuabadh a gcuid fiacla: Staidéar Meán-Óige

Tríd is tríd, dúirt 64% de na daltaí ó Rang a 3 agus Rang a 4 go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair amháin in aghaidh an lae, agus dúirt 29% eile go scuabann siad a gcuid fiacla uair sa lá. Léirítear na difríochtaí céanna inscne anseo agus a luadh roimhe seo, le níos mó cailíní ná buachaillí ag tabhairt le fios go scuabann siad a gcuid fiacla níos minice.


**Fíor 54: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go scuabann siad a gcuid fiacla níos mó ná uair sa lá**




## Crios Sábhála a Úsáid

Fiafraíodh de leanaí cé chomh minic is a úsáideann siad crios sábhála nuair a bhíonn siad i gcarr. Tríd is tríd, dúirt 79% de leanaí go gcaitheann siad crios sábhála i gcónaí nuair a bhíonn siad i gcarr. Tá céatadán na gcailíní (83%) a deir go gcaitheann siad crios sábhála níos airde ná céatadán na mbuachaillí (76%). Is léir ó na sonraí seo gur tháining méadú ar an méid úsáide atá á baint as criosanna sábhála idir 2002 (57% de bhuachaillí agus 65% de chailíní) agus 2006.

**Fíor 55: Céatadáin de bhuachaillí a deir go gcaitheann siad crios sábhála i gcónaí**





**Fíor 56: Céatadáin de chailíní a deir go gcaitheann siad crios sábhála i gcónaí**



## Crios Sábhála a Úsáid: Staidéar Meán-Óige

Tríd is tríd, dúirt 88% de leanaí Rang a 3 agus Rang a 4 go gcaitheann siad crios sábhála i gcónaí nuair a bhíonn siad i gcarr. Sa ghrúpa seo, ní léir na difríochtaí inscne thuasluaite.

**Fíor 57: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir go gcaitheann siad crios sábhála i gcónaí**




# Gortú


## Leanaí ar bhain gortú dóibh riamh

San iomlán, dúirt 43% de leanaí go raibh siad gortaithe uair amháin nó níos mó le 12 mhí anuas, agus gur theastaigh cóir leighis uathu. Tá an céatadán a dúirt gur bhain gortú den chineál sin dóibh níos airde i measc buachaillí (51%) ná cailíní (34%). I measc na mbuachaillí, tá an líon leanaí a dúirt gur bhain gortú den chineál dóibh beagán níos airde i measc leanaí idir 12-14 bliana d'aois agus 15-17 mbliana d'aois i gcomparáid le leanaí idir 10-11 bhliain d'aois. Níl an patrún seo le fáil i measc na gcailíní. I measc na n-aoisghrúpaí agus na hinscne, laghdaigh céatadán na leanaí a dúirt gur bhain gortú dóibh idir 2002 agus 2006.

**Fíor 58: Céatadáin de bhuachaillí a deir gur bhain gortú dóibh le 12 mhí anuas**




**Fíor 59: Céatadáin de chailíní a deir gur bhain gortú dóibh le 12 mhí anuas**




# Gortú


## Easpa gníomhaíochta de thoradh gortaithe

Fiafraíodh de leanaí faoin líon laethanta gníomhaíochta a cailleadh mar thoradh ar an ngortú is measa a bhain dóibh le bliain anuas. Tríd is tríd, dúirt 15% de leanaí gur chaill siad trí lá gníomhaíochta nó níos mó de ghnáthghníomhaíocht mar gheall ar ghortú, bhí an céatadán buachaillí (19%) níos airde ná an céatadán cailíní (11%) sa chás seo. I measc na mbuachaillí, tá an céatadán leanaí a dúirt gur chaill siad laethanta gníomhaíochta níos airde i measc leanaí idir 12-14 bliana d'aois agus 15-17 mbliana d'aois i gcomparáid le leanaí idir 10-11 bhliain d'aois. Níl an patrún seo le fáil i measc na gcailíní.

**Fíor 60: Céatadáin de bhuachaillí a deir gur chaill siad trí lá nó níos mó de ghnáthghníomhaíochtaí de bharr gortaithe le bliain anuas**




**Fíor 61: Céatadáin de chailíní a deir gur chaill siad trí lá nó níos mó de ghnáthghníomhaíochtaí de bharr gortaithe le bliain anuas**





I measc na leanaí a dúirt gur bhain gortú dóibh, is iondúil gur tharla an chuid is mó de na gortuithe sin in ionad spóirt (43% de bhuachaillí agus 34% de chailíní) agus tharla roinnt mhaith gortaithe sa bhaile nó sa chlós (19% de bhuachaillí agus 23% de chailíní) mar aon leis an scoil (15% de bhuachaillí agus 18% de chailíní). Ba ghnách gur bhain gortú do leanaí le linn gníomhaíochta spóirt (55% de bhuachaillí agus 44% de chailíní) agus bhain roinnt mhaith gortuithe do leanaí freisin nuair a bhí siad amuigh ag rothaíocht (7% de bhuachaillí agus 5% de chailíní).

# Bulaíocht


## Bulaíocht

Fiafraíodh de leanaí faoi chomh minic is a raibh deacracht acu le bulaíocht ar scoil le cúpla mí anuas. San iomlán, dúirt 24% go ndearnadh bulaíocht orthu tráth éigin, agus dúirt 8% gur chuir bulaíocht isteach orthu níos mó ná dhá nó trí huaire in aghaidh na míosa. Dúirt níos mó buachaillí (26%) ná cailíní (23%) go ndearnadh bulaíocht orthu tráth éigin. Baineann fadhb níos mó le bulaíocht i measc leanaí idir 10-11 bhliain d'aois i gcomparáid le leanaí níos sine. Níl aon fhianaise leanúnach ann go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta air seo

**Fíor 62: Céatadáin de bhuachaillí a deir nár chuir bulaíocht isteach orthu le cúpla mí anuas**





**Fíor 63: Céatadáin de chailíní a deir nár chuir bulaíocht isteach orthu le cúpla mí anuas**



## Bulaíocht: Staidéar Meán-Óige

Tá an céatadán iomlán daltaí i Rang a 3 agus Rang a 4 a dúirt nár chuir bulaíocht isteach orthu riamh cothrom le 37%, agus níl éifeachtaí inscne nó aicme sóisialta soiléir sa chás seo.


**Fíor 64: Céatadáin de bhuachaillí agus cailíní 9 mbliana d'aois a deir nár chuir bulaíocht isteach orthu le cúpla mí anuas**




## A bheith páirteach i mbulaíocht

Fiafraíodh de leanaí faoi chomh minic is a raibh siad páirteach i mbulaíocht dalta eile ar scoil le cúpla mí anuas. San iomlán, dúirt 22% go raibh siad páirteach i mbulaíocht daoine eile, agus dúirt 5% go raibh siad páirteach i mbulaíocht daoine eile dhá nó trí huaire in aghaidh na míosa. Tá céatadán na mbuachaillí (29%) a deir go nglacann siad páirt i mbulaíocht daoine eile i bhfad níos airde ná céatadán na gcailíní (14%). Dúirt i bhfad níos mó buachaillí ón aoisghrúpa 12-14 bliana d'aois agus 15-17 mbliana d'aois go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile i gcomparáid leis an aoisghrúpa 10-11 bhliain. Níl an patrún seo le fáil i measc na gcailíní. Níl aon fhianaise leanúnach ann go bhfuil éifeacht ag aicme shóisialta air seo.

**Fíor 65: Céatadáin de bhuachaillí a deir nach raibh baint acu le bulaíocht daoine eile le cúpla mí anuas**




**Fíor 66: Céatadáin de chailíní a deir nach raibh baint acu le bulaíocht daoine eile le cúpla mí anuas**





# Aguisín 1

## Sonraí Déimeagrafachta Freagóiri

Is léir ó mhiondealú inscne rannpháirithe HBSC 2006 go raibh 51% de na rannpháirtithe fireann agus go raibh 49% de na rannpháirtithe baineann. Rinneadh comparáid idir na rannpháirtithe agus sonraí dhaonáireamh 2002 maidir le réigiún agus aicme shóisialta. Is ionann Tábla 2 agus an líon rannpháirtithe ó gach réigiún tíreolaíoch agus céatadán an tsampla iomláin lena seasann sé. Is ionann an séú colún agus céatadán na leanaí idir 7-11 bhliain d'aois a taifeadadh sna réigiúin i rith dhaonáireamh 2002. Tugann na sonraí léargas ar dháileadh an daonra sna réigiúin ar fad mar aon le mionathruithe ó dhaonáireamh 2002.

**Tábla 2: Comparáid idir láthair freagróirí HBSC 2002 agus 2006 agus daonáireamh 2002**

| | N | | % | | % |
|---|---|---|---|---|---|
| **Na Réigiúin** | **HBSC 2002** | **HBSC 2006** | **HBSC 2002** | **HBSC 2006** | **Daonáireamh 2002** |
| Oirthir | 1765 | 3055 | 31 | 30 | 33 |
| Oirthuaiscirt | 377 | 633 | 7 | 6 | 10 |
| Oirdheiscirt | 565 | 1646 | 10 | 16 | 11 |
| Iarthuaiscirt | 586 | 704 | 10 | 7 | 6 |
| Deiscirt | 826 | 1450 | 15 | 14 | 15 |
| Lár-Iarthair | 573 | 914 | 10 | 9 | 9 |
| Iarthair | 544 | 1427 | 10 | 14 | 10 |
| Lár-Tíre | 412 | 395 | 7 | 4 | 6 |

Lena chois sin, rinneadh comparáid idir aicme shóisialta agus a raibh le fáil i ndaonáireamh 2002, mar is léir ó Thábla 3. Is ceart a thabhairt faoi deara go mbeifí ag súil le mionathruithe anseo mar go dtugtar léargas ar aicme shóisialta gach duine sa Daonáireamh, agus ní tuismitheoirí nó caomhnóirí leanaí sna haoisghrúpaí seo a bheadh iontu ar fad.

**Tábla 3: Comparáid idir aicme shóisialta freagróirí HBSC 2002 agus 2006 agus daonáireamh 2002**

| Aicme Shóisialta | HBSC 2002 (%) | HBSC 2006 (%) | Daonáireamh 2002 (%) * |
|---|---|---|---|
| Gairmiúil | 4 | 4 | 6 |
| Bainistíocht | 25 | 23 | 26 |
| Neamhláimhe | 11 | 8 | 16 |
| Lámhoilte | 28 | 29 | 17 |
| Leathoilte | 10 | 11 | 11 |
| Neamhoilte | 4 | 5 | 6 |
| Ní fios | 17 | 20 | 18 |

* Aicmítear gach duine bunaithe ar aicme shóisialta

# Aguisín

Tá léargas le fáil i dTábla 4 thíos ar chéatadán na bhfreagróirí HBSC, inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta san áireamh.

**Tábla 4: Dáileadh freagróirí HBSC 2002 agus 2006, bunaithe ar inscne, aoisghrúpa agus aicme shóisialta**

| | AS1-2 (%) | | AS3-4 (%) | | AS5-6 (%) | | n | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | HBSC 2002 | HBSC 2006 | HBSC 2002 | HBSC 2006 | HBSC 2002 | HBSC 2006 | HBSC 2002 | HBSC 2006 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | | | |
| 10-11 bhliain | 31 | 26 | 51 | 53 | 18 | 21 | 353 | 498 |
| 12-14 bliana | 32 | 33 | 50 | 47 | 18 | 20 | 1039 | 2184 |
| 15-17 mbliana | 42 | 36 | 43 | 43 | 15 | 20 | 668 | 1801 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | | | |
| 10-11 bhliain | 30 | 24 | 47 | 51 | 23 | 26 | 379 | 713 |
| 12-14 bliana | 36 | 31 | 47 | 47 | 16 | 23 | 1219 | 2064 |
| 15-17 mbliana | 36 | 37 | 47 | 43 | 17 | 21 | 1028 | 1665 |

## Suirbhé Meán-Óige

Is léir ó mhiondealú inscne rannpháirithe sa suirbhé meán-óige go raibh 52% de na rannpháirtithe fireann agus go raibh 48% de na rannpháirtithe baineann. Rinneadh comparáid idir na rannpháirtithe agus sonraí dhaonáireamh 2002 maidir le réigiún agus aicme shóisialta. Is ionann Tábla 5 thíos agus an líon rannpháirtithe ó gach réigiún tíreolaíoch agus céatadán an tsampla iomláin lena seasann sé. Is ionann an ceathrú colún agus céatadán na leanaí idir 5-6 bliana d'aois a taifeadadh sna réigiúin seo i rith dhaonáireamh 2002. Tugann na sonraí léargas ar dháileadh an daonra sna réigiúin ar fad mar aon le mionathruithe ó dhaonáireamh 2002.

**Tábla 5: Comparáid idir láthair freagróirí an tsuirbhé mheán-óige agus daonáireamh 2002**

| | n | % | % |
|---|---|---|---|
| **Bord Sláinte** | **Suirbhé Meán-Óige 2006** | **Suirbhé Meán-Óige 2006** | **Daonáireamh 2002** |
| Oirthir | 1313 | 39 | 34 |
| Oirthuaiscirt | 189 | 6 | 9 |
| Oirdheiscirt | 542 | 16 | 11 |
| Iarthuaiscirt | 136 | 4 | 6 |
| Deiscirt | 470 | 14 | 15 |
| Lár-Iarthair | 225 | 7 | 9 |
| Iarthair | 363 | 11 | 10 |
| Lár-Tíre | 116 | 4 | 6 |

Lena chois sin, rinneadh comparáid idir an aicme shóisialta agus a raibh le fáil i ndaonáireamh 2002. Mar a tugadh faoi deara níos túisce, bheifí ag súil le mionathruithe anseo mar go dtugtar léargas ar aicme shóisialta gach duine sa daonáireamh, agus ní tuismitheoirí nó caomhnóirí leanaí sna haoisghrúpaí seo a bheadh iontu ar fad.

**Tábla 6: Comparáid idir aicme shóisialta freagróirí an tsuirbhé mheán-óige agus daonáireamh 2002**

| Aicme Shóisialta | Rang a 3 agus Rang a 4 2006 (%) | Daonáireamh 2002 (%) |
|---|---|---|
| Gairmiúil | 6 | 6 |
| Bainistíocht | 20 | 26 |
| Neamhláimhe | 14 | 16 |
| Lámhoilte | 21 | 17 |
| Leathoilte | 21 | 11 |
| Neamhoilte | 4 | 6 |
| Ní fios | 14 | 18 |

**Tábla 7: Dáileadh freagróirí an tsuirbhé mheán-óige bunaithe ar ghrúpa ranga, inscne agus aicme shóisialta**

| | AS1-2 | AS3-4 | AS5-6 | Sampla Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | n (%) | n (%) | n (%) | n |
| **BUACHAILLÍ** | | | | |
| Rang a 3 | 216 (30) | 282 (39) | 228 (31) | 726 |
| Rang a 4 | 257 (34) | 294 (38) | 213 (28) | 764 |
| **CAILÍNÍ** | | | | |
| Rang a 3 | 189 (28) | 294 (43) | 195 (29) | 678 |
| Rang a 4 | 207 (27) | 319 (42) | 231 (30) | 757 |

# Foireann an Tionscadail

## An tIonad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

| | |
|---|---|
| An Dr Saoirse Nic Gabhainn | Príomhthaighdeoir, HBSC (Poblacht na hÉireann) |
| An Dr Michal Molcho | Leas-Phríomhthaighdeoir HBSC |
| An Dr Colette Kelly | Bainisteoir tionscadail/taighdeoir sinsearach HBSC |
| An Dr Kieran Walsh | Taighdeoir Sinsearach |
| Pauline Clerkin, Uasal | Taighdeoir |
| Marie Galvin, Uasal | Taighdeoir |
| Geraldine Nolan, Uasal | Taighdeoir |
| Siobhan O'Higgins, Uasal | Taighdeoir |
| Christina Costello, Uasal | Tacaíocht Riaracháin |
| Mary Cooke, Uasal | Tacaíocht Riaracháin |

## Coiste Comhairleach

| | |
|---|---|
| Marian Beakey, Uasal | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An tUasal Robbie Breen | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An Dr Seán Denyer | Stiúrthóir Sláinte Poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| An Dr John Devlin | Leas-Phríomhoifigeach Leighis, An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An Dr Sinéad Hanafin | An Ceann Taighde, Oifig an Aire do Leanaí |
| An tUasal Hugh Magee | Staitisteoir Sinsearach, An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| Deirdre Mahony, Uasal | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An tUasal Shay McGovern, | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An tUasal Brian Mullen | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An tUasal Brian Neeson | Bainisteoir Feidhmeach, Taighde agus Forbairt um Chothú Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Biddy O'Neill, Uasal | Bainisteoir um Chothú Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |

### Buíochas

Na Tuismitheoirí agus Leanaí a ghlac páirt sa suirbhé
Na hÚdaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí sna scoileanna ar fad a ghlac páirt
Comhordaitheoir Idirnáisiúnta: An tOllamh Candace Currie, Ollscoil Dhún Éideann
Bainisteoir an Bhainc Shonraí Idirnáisiúnta: An Dr Oddrun Samdal, Ollscoil Bergen
An Oifig Aistriúcháin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh
An Roinn Sláinte agus Leanaí
Oifig an Aire do Leanaí
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Ina theannta sin, is mian linn buíochas a ghabháil leis an Uasal Greg Conlon, Gabrielle Ferris, Uasal, Tatziana Fries, Uasal, An tUasal Gerard Maloney, An tUasal Trevor Moylan, Elaine Shannon, Uasal, Lorraine Walker, Uasal, Catriona Boyle, Uasal, Patricia Brien, Uasal, Aoife Gavin, Uasal, Sonja-Mareike Freiling, Uasal, as ucht an chabhair a thug siad dúinn le linn dúinn a bheith i mbun oibre.

Iontráil Sonraí: Research Data, Co. Ard Mhacha agus Lorraine Walker